**RABHADH**

**Ná dean dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004**

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL
**(180 MARC)**

**DÉ MÁIRT, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 3.30**

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

**SCRÚDUIMHIR AN IARRTHÓRA**

| |
|---|
| |

**FREAGAIR GACH CEIST 1, 2, 3 AGUS 4.**

**FREAGAIR NA CEISTEANNA 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA ATÁ ANN CHUIGE SIN I DO FHREAGARLEABHAR.**

**FREAGAIR CEIST 4 I bhFREAGARLEABHAR AR LEITH.**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR, LE DO THOIL.**

[Thall

| **1.** **PICTIÚIR** (35 marc) |
|---|

Déan staidéar ar na pictiúir A, B agus C a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**

*Taispeántar Carraig Phádraig, Caiseal, Co. Thiobraid Árann i bpictiúr A.*

(i) Cad é an t-ainm a thugtar ar fhoirgneamh den saghas a bhfuil **X** marcáilte air?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...(3)

(ii) Ainmnigh **dhá** ghné chosanta atá ag an láthair.

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...(4)

(iii) An láthair thábhachtach a bhí i gCarraig Chaiseal sa Mheánaois, dar leat?
Tabhair píosa **amháin** fianaise ón bpictiúr a chuidíonn le do fhreagra.

Do thuairim faoin láthair: ……………………………………………………………

Fianaise: ……………………………………………………………………………...

.......................................................................................................................…(4)

*(b)* **PICTIÚR B**

*Taispeántar daoine ag obair lasmuigh de bhallaí na cathrach i bPáras na Meánaoise i bPictiúr B.*

(i) Cén fáth ar tógadh an balla thart timpeall na cathrach, dar leat?

.....................................................................................................……………

.....................................................................................................…………...(2)

(ii) Cén cineál oibre atá ar bun ag an triúr fhear ar thaobh na láimhe deise den phictiúr?

.....................................................................................................……………

.....................................................................................................…………..(3)

(iii) Cén cineál oibre atá ar bun ag an mbeirt bhan ar thaobh na láimhe clé den phictiúr?

.....................................................................................................……………

.....................................................................................................…………..(3)

(iv) Cuir **X** sa bhosca in aice leis an bhfreagra ceart ar an gceist thíos:

I mbaile mór sa Mheánaois, séard a bhí i ngild ná:

1. Geata sna ballaí ☐
2. Eagraíocht do cheardaithe ☐
3. Cáin a d'íochtaí chun cead isteach sa bhaile a fháil ☐

(4)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Léarscáil is ea Pictiúr C de Phlandáil Uladh. Cuireadh tús leis an bPlandáil sin i 1609.*

(i) Cé is moite d'Éirinn, ainmnigh **dhá** thír as ar tháinig lonnaitheoirí.

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(2)

(ii) "Ba chuid den phlandáil oifigiúil é Aontroim."

Fíor nó Bréagach?

..........................................................................................................................(2)

(iii) Ainmnigh **dhá** chontae inar tugadh talamh do sheirbheoirí agus do lonnaitheoirí Éireannacha.

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(4)

(iv) Mínigh cén fáth gur thosaigh na Briotanaigh polasaí plandála in Éirinn.

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(4)

**[Thall**

| **2. DOICIMÉID** (35 marc) |
| --- |

Déan staidéar ar an **dá** dhoiciméad, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **Doiciméad 1**

*Sliocht is ea é seo ó dhuine a bhí i láthair i bhFlórans nuair a bhí galar na plá san áit i 1348. Thugtaí an Galar Dubh ar an bplá seo. Ba é Giovanni Boccaccio, an scríbhneoir iomráiteach Iodálach, a scríobh an cuntas.*

(i) Cén áit den chorp a bhí ata?

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(2)

(ii) Mínigh conas ar athraigh na siomptóim go gairid ina dhiaidh sin.

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(2)

(iii) Tabhair cúis **amháin** nach bhféadfadh na dochtúirí cabhrú leis na hothair.

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(2)

(iv) Cén fhad a thóg sé d'fhormhór na ndaoine bás a fháil leis an ngalar?

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(3)

(v) Ainmnigh **dhá** shlí inar scaip an galar uathu sin a bhí tinn go dtí an dream a bhí sláintiúil.

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(4)

(vi) Tabhair **dhá** phíosa fianaise ón sliocht a léiríonn an chaoi ar chuir an phlá as do chlanna.

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(4)

*(b)* **Doiciméad 2**

*Sliocht is ea é seo as agallamh raidió le Miriam Hart. Páiste ba ea í a bhí ag taisteal lena tuismitheoirí ar bord an* Titanic *nuair a chuaigh an long go tóin poill sa bhliain 1912.*

(i) Nuair a bhuail an long meall oighir, conas a rinne a máthair cur síos ar an iombhualadh sin?

..................................................................................................................................

..................................................................................................................................(2)

(ii) Cén fáth go raibh athair Miriam "beagáinín crosta" nuair a dhúisigh a máthair é?

..................................................................................................................................

..................................................................................................................................(2)

(iii) Mínigh cén fáth nár tharla aon rud ar feadh tamaill tar éis do Miriam dul in airde ar deic.

..................................................................................................................................

..................................................................................................................................(2)

(iv) Conas a bhí an aimsir agus staid na farraige an oíche a chuaigh an long go tóin poill?

Aimsir: ....................................................................................................................

Farraige: ..................................................................................................................(2)

(v) Cad a cheap Miriam "gurbh é an rud ba mheasa ar fad é"?

..................................................................................................................................

..................................................................................................................................(3)

(vi) Cad é an t-ainm a bhí ar an long a tharrtháil iad?

..................................................................................................................................(3)

(vii) "Fear cróga ba ea athair Miriam." An aontaíonn tú? Tabhair píosa **amháin** fianaise ón gcuntas a chuidíonn le do fhreagra.

Do thuairim:....................................................................................................................

Fianaise: ........................................................................................................................

..................................................................................................................................(4)

**[Thall**

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRAÍ**
(60 marc)

Freagair DEICH gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 6 mharc an ceann iad.

(i) Cad é an difríocht idir foinse phríomha agus foinse thánaisteach?

........................................................................................................................ (6)

(ii) Cén fáth gur maith le staraithe eolas a fháil ó níos mó ná foinse amháin?

........................................................................................................................ (6)

(iii) Le linn tochailte, cén fáth go mbíonn seandálaithe an-chúramach le nithe a fhaigheann siad?

........................................................................................................................ (6)

(iv) Ainmnigh módh **amháin** a úsáideann seandálaithe chun dáta a chur le nithe a fhaigheann siad.

........................................................................................................................ (6)

(v) Ainmnigh sibhialtacht **amháin** taobh amuigh d'Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. Scríobh síos fíric **amháin** mar gheall ar thithíocht nó gnás adhlachta ón tsibhialtacht sin.

Sibhialtacht: ........................................................................................................

Fíric:........................................................................................................ (6)

(vi) As an liosta thíos, roghnaigh an t-ainm a bhaineann le láthair mainistreach in Éirinn i dtús Ré na Críostaíochta:

*Achaidh Chéide; Cluain Mhic Nóis; Cnocha.*

........................................................................................................................ (6)

(vii) Mínigh ceann **amháin** de na tearmaí seo a leanas a bhaineann le caisleáin sa Mheánaois.

*Móta; Geata crochta; Túirín.*

........................................................................................................................ (6)

(viii) Cuir **X** sa bhosca in aice leis an bhfreagra ceart thíos:

Sa Mheánaois ba é seo a leanas an t-ainm a thugtaí ar bhuachaill óg á bhí á thraenáil le bheith ina ridire:

a. Seirf ☐

b. Giolla ☐

c. Fear grinn ☐ (6)

(ix) Sa Mheánaois, cén áit sa chaisleán ina mbíodh an tiarna agus an bhantiarna ina gcónaí?

........................................................................................................................ (6)

(x) Tabhair cúis **amháin** gur thosaigh an Renaissance san Iodáil.

........................................................................................................................ (6)

(xi) Ainmnigh scríbhneoir **amháin** ón Renaissance agus saothar **amháin** de chuid an scríbhneora sin.

Scríbhneoir:........................................................................................................

Saothar: ........................................................................................................ (6)

(xii) Tabhair cúis **amháin** le forbairt an chlóphreasa.

……………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………….. (6)

(xiii) I rith Aois na bhFionnachtan, mínigh cad chuige ar úsáideadh ceann **amháin** de na rudaí seo a leanas:

*Compás; Astraláib; Luasmheá agus téadán.*

....................................................................................................………….…………

……………………………………………………………….........................……………. (6)

(xiv) Ainmnigh taiscéalaí **amháin** agus áit nó bealach farraige **amháin** a d'fhionn an taiscéalaí sin.

Taiscéalaí: ......................................................................................................…………..

Áit nó bealach farraige:......................................................................................……………. (6)

(xv) Cuir na heachtraí seo a leanas san ord ceart, ag tosú leis an gceann ba luaithe:

*Réabhlóid na Fraince; Éirí Amach 1798; Cogadh Saoirse Mheiriceá.*

1 ………………………………………………………………………………………….

2 ………………………………………………………………………………………….

3 ……………………………………………………………………………………….. (6)

(xvi) Tabhair fíric **amháin** maidir le beathú nó le sláinte na n-oibrithe i mbailte na Breataine sa Réabhlóid Thionsclaíoch.

..........................................................................................................................................

............………………..........................................................................................………….. (6)

(xvii) Tabhair cúis **amháin** gur theastaigh ó na hAontachtóirí fanacht sa Ríocht Aontaithe.

**NÓ**

Ainmnigh athrú **amháin** i ról na mban ó 1945 i leith.

……………………………………………………………………………………………(6)

(xviii) Scríobh síos ainm ceannaire thábhachtaigh **amháin** i rith na coimhlinte ar son na saoirse in Éirinn, 1912-1922.

**NÓ**

Tabhair athrú **amháin** atá tar éis teacht ar an saol faoin tuath in Éirinn ó 1945 i leith.

……………………………………………………………………………………………(6)

(xix) Ainmnigh tír **amháin** a bhfuil tú tar éis eolas a fháil mar gheall uirthí i g*Caidreamh Idirnáisiúnta san Fhichiú hAois* **agus** ainmnigh ceannaire a raibh baint aige/aici leis an tír sin.

Tír:…………………………………………………………………………………………..

Ceannaire:……………………………………………………………………………… (6)

(xx) Ón staidéar atá déanta agat ar *Chaidreamh Idirnáisiúnta san Fhichiú hAois*, mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas:

*Faisisteachas; Coilíneachas; Bolscaireacht; Cogadh Fuar; Cómhargadh.*

……………………………………………………………………………………….…….

…………………………………………………………………………………………….. (6)

## 4. PEARSANA SA STAIR
(50 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu anseo thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid le cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Feirmeoir in Éirinn sa Chlochaois nó sa Chré-Umhaois nó san Iarannaois.**

LEIDEANNA:
* Tithíocht, éadaí agus bia
* Modhanna feirmeoireachta
* Ealaíona agus ceardaíocht
* Gnásanna adhlactha (25)

(ii) **Manach i mainistir sa Mheánaois.**

LEIDEANNA:
* Cúiseanna go ndeachaigh sé isteach sa mhainistir
* An saol laethúil
* Na príomh-fhoirgnimh sa mhainistir
* Daoine tábhachtacha sa mhainistir (25)

(iii) **Ealaíontóir ón Renaissance a ainmníonn tú.**

LEIDEANNA:
* Óige agus traenáil an ealaíontóra
* Pátrúin an ealaíontóra
* Modhanna nua péintéireachta
* Príomh-shaothair (25)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu anseo thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid le cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Leasaitheoir creidimh a ainmníonn tú ón Reifirméisean.**

LEIDEANNA:
* Tarlachtaintí tábhachtacha i saol an leasaitheora
* Na príomh-rudaí gur chreid sé iontu
* An chaoi ar scaip an creideamh a bhí aige
* Torthaí a chuid oibre (25)

(ii) **Tiarna talún nó tionónta go raibh cónaí air/uirthi faoin tuath in Éirinn timpeall na bliana 1850.**

LEIDEANNA:
* An saol a chaith sé/sí
* Feirmeoireacht
* An Gorta Mór
* Imirce (25)

(iii) **Ceannaire rialtais in Éirinn a ainmníonn tú in aon tréimhse tar éis 1945.**

LEIDEANNA:
* Ainm an cheannaire
* Deacrachtaí a bhí le sárú ag an rialtas
* Na príomh-phointí go ndearnadh cinneadh fúthu
* Torthaí na gcinntí sin

**NÓ**

**Seanduine ag caint faoi athruithe atá tar éis tarlú sa ghnáth-shaol i gcúrsaí iompair agus i gcúrsaí cumarsáide i rith 20ú haois.**

LEIDEANNA:
* Iompar agus cumarsáid sa bhliain 1900
* Athruithe i gcúrsaí iompair
* Athruithe i gcúrsaí cumarsáide
* Na torthaí a bhí ar na hathruithe sin (25)